**PRIOMHSMAOINTE AN DAIN**: Maigdiléana le Cathal Ó Searcaigh
Is é príomhthéama an dáin seo ná cruachás[TG] an Striapaigh.
Is liric phearsanta é an dán seo.
Tá bá **ag** an bhfile **don** striapach.
Tá saol uaigneach aonaránach (lonesome) ag an gcailín[TG] sráide.
Sa chéad véarsa tá an bhéim ar shaol[TG] na hoíche
Sa dara véarsa tá an bhéim ar shaol[TG] an lae.

Sa chéad véarsa tá an bhéim ar shaol na hoíche
Feiceann an file an cailín sa chlapsholas.
Is meafar é an snaidhm crochta . Tá an cailín álainn daortha chun báis.
Is bean álainn í ach is striapach í.
Bíonn sí ar a gnáthcúrsa ag siúl na sráideanna go huaigneach.
Cruthaíaonn an file atmaisféar gruama dorcha.
Is siombal é an corp cnámhach don bhás.
Bíonn an bean sráide ag faire ar na scáileanna.
Tá eagla **uirthi roimh** ionsaí.
Is meafar é an aeróg[TG] teilifíse. Seasann an aeróg don chros ar Chalvaire.
Is críostaí í. Déanann sí íobairt (sacrifice) gach oíche ina cuid oibre.

Sa dara véarsa tá an bhéim ar shaol an lae.
Feiceann an file an striapach arís ag breacadh[TG] an lae.
Is timthriall é seo (cycle). Is fáinne fí í an striapachas.
Bíonn sí i mbialann ag ól tae. Seo an gnáthshaol.
Ansin filleann sí thar nais ar an saol "faoi thalamh"
Tá imeartas focal i gceist anseo.
Bíonn an striapach go haonaránach.
Ní bhíonn duine ar bith ag caint léi
Bíonn na fógraí ag magadh fúithí is ag caint fúithí.
Is meafar é an tuama. Seasann an tuama don phríosún ina bhfuil sí.
Tá sí ar nós a bheith marbh.

Ach tá dóchas ag deireadh an dáin.
B'fhéidir go sábhálfaidh Críost í ón gcruachás ina bhfuil sí.

Coláiste Choilm

STIL AN FHILE

**Meafair/Siombail/Samhail** :
Glacann na híomhánna ról lárnach sa dán. Tá tagairtí ón mBíobla.
Tá **dorchadas agus scáth** ag baint le an chuid de na pictiúirí.
Is siombal í an **Magdiléana** don **striapachas.**
Is íomhá **scanrúil** é an téad **crochta**.Tachtann an leictreachas an spéir.
Is íomhá **álainn** í an **cailín**. Feicimid í ag siúl na sráideanna.
Is íomha **scanrúil** é an chathair sa **chlapsholas.**
Is siombal é an **cnámh** agus an **creatlach** don **bhás.**
Tá eagla ar an striapach roimh na scáilí.
Is meafar é an **aeróg teilifíse**. Seasann sé do **chros Chalvaire.**
Is meafar é an **cros**. Seasann sé **don íobairt**.(sacrifice)
Is íomha deas **gnáth** é an cailín **ag ól tae** sa bhialann.
Is meafar é an **stáisiún fo-thalún**. Seasann sé don **saol dorcha.**
Is meafar é an **tuama**. Seasann sé **don bhás.** Tá croí an chailín marbh.
Is meafar é an **Gaililéach**. Seasann sé do **Chríost** agus an **dóchas.**

**An Chodarsnacht sa Dán**
Tá codarnsnacht idir shaol na hoíche agus saol an lae
Tá codarsnacht idir an spéir nádúrtha agus na soilse aibhléiseacha
Tá codarsnacht idir an cailín álainn agus a saol gránna.Tá íoróin anseo
Tá codarsnacht idir an chathair plódaithe agus an cailín uaigneach.
Tá difir idir an aeróg nua aimseartha agus sean chros Calvaire.
Tá difríocht idir an clapsholas i véarsa 1 agus breacadh an lae I v2.
Tá difir idir an bhialann deas agus an underground gránna.
Tá codarsnacht idir an tuama gruama agus an aiséirí an Ghaililéach.
Tá codarsnacht idir éadóchas an tuama agus dóchas an aiséirí(resurr)
Tá codarsnacht idir Friotal an Bhíobla agus an Friotal nua-aimseartha.

**An tAtmaisféar**
Cruthaíonn an file atmaisféar **dorcha doicheallach.**
Tá saol na cathrach I Londain **mífháiltiúil** agus **eascáirdiúil.**
Tá post an striapaigh **uaigneach** agus **aonaránach.**
Is íomhá **scanrúil** sceimhliúil é téad[TG] an chrochta.
Is íomhá **aonaránach uaigneach** í ag cailín ag cruiseáil.
**Scanraíonn** an "**marbhsholas**" mé.
**Scanraíonn** na scáthanna agus **na scáileanna mé**
**Scanraíonn** pictiúr **na croise ar Chalvaire** mé

Is áit **neamhphearsanta** é an bhialann.
Cuireann an focal "underground" **dorchadas** in iúl.
Ní labhraíonn éinne leis an striapach. Tá ciúnas le braithstint.
Cruthaíonn **an tuama** atmaisféar **dorcha**.
Is siombal é **don bhás** agus don **shaol dorcha.**

Tá **ga**[TG] (ray) **dóchais** ag deireadh an dáin.
B'fhéidir go mbeidh **aiséirí** ann ón dtumba folamh.
B'fhéidir go **bpósfaidh an cailin fear deas**.

Is í Máire Magdiléana ón mBíobla atá i gceist **sa theideal.**
Ba **striapach í** agus **mhaith Íosa a peacaí** di. [forgave her her sins]
Tá **tagairtí don soiscéal** (gospel) síos tríd an dán.
**Suimíonn** sé suas an dán . Is striapach í agus is duine deas í an cailín
Is féidir **liom ionannú leis** mar feicim na striapaigh ar an dteilifís.
Is siombal é an Teideal **don bhean i gcruachás.**
Is ainm **uilíoch** é. Is teideal uilíoch é. Ní luann sé an chéad ainm.
Cruthaíonn an teideal **íomha cumhachtach** ón mBíobla.
Is teideal **gearr agus gonta é**. Oireann sé don dán. Is ainm **cáiliúil** é

**Meadaracht:**
Saorvéarsaíocht atá sa dán
Is meadaracht na gnáthcainte é
Tá uaim I gcuid mhaith de na línte.
Cuireann sé seo a 'beat' in iúl.
Tá comhfhuaim ag deireadh cuid mhaith línte

Léargas ar **shaol an Striapaigh.**
Is **bean i gcruachás** í an Striapach. Is léir é seo ón dteideal.
Bíonn sí **ag siúl na sráideanna** ó oíche go maidin.
Bíonn **eagla** an domhain **uirthi** roimh **ionsaí**. [attack]
Bíonn saol **uaigneach aonaránach** aici. Ní labhraíonn éinne léi.
Bíonn gach duine **ag magadh fúithí** agus **ag caint fúithí**
**Is duine deas í** ach tá saol uafásach aici.
Bíonn **dhá shaol** aici. **Saol an lae** agus **saol na hoíche**.
Ba mhaith léi **éalú** ach tá sí **i bhfáinne fí**. Tá sí i bpríósún, i **dTuama.**

Is iad príomh-mhothúcháin an dáin seo ná **bá, uaigneas,grá,eagla.**
Tá bá agus trua **ag** an bhfile **don** Striapach.
Tá **grá** ag an bhfile **don** Striapach.
Bíonn saol uaigneach aonaránach ag an mbean sráide.
Bíonn **eagla uirthi roimh** ionsaitheoirí agus na scáilí.
**Mhúscail** an dán **bá** agus **tuiscint** ionam.
Tá **bá** agus **trua** agam don striapach. Tá saol uafásach aici.
Tá tuiscint agam don striapach. Is féidir liom **ionannú** léi.
Mhúscail an dán **fearg ionam** mar ní raibh éinne sásta caint léi.

An Friotal
Baineann an file úsáid as friotal dorcha, uaigneach, scanrúil.
Labhraíonn an file leis an gcailín uair amháin " a ghrá"
Tá Friotal ann ón mBíobla.
Is carachtar ón mBíobla í Máire **Magidiléana** sa teideal.
Is siombal é an cros **Calvaire** don bhás.
Is siombal é an **tuama** folamh don aiséirí [resurrection]
Tá an dán féin ar nós soi**scéal** (gospel).
B'fhéidir go sábhálfaidh soi**scéal** Íosa an Gaililéach an cailín bocht.
Tá Friotal ann ón saol nua aimseartha.
Is é suíomh an dáin ná "an underground" I lár na cathrach i Londain
Tá na heachtraí lonnaithe sa stáisiún traenach faoi thalamh.
Baineann an file feidhm as béarlagair (jargon) an striapachais.